# Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## Beidh "Réalt na Mara" i gCeatharlach

Tá an-áthas ar Glór Cheatharlach agus Amharclann GB Shaw a fhógairt go mbeidh an seó stáitse "Réalt na Mara" ag teacht go Ceatharlach sa fómhar. Cuirfear an seó dátheangach seo i láthair mar chuid d'Fhéile an Fhómhair.

Cruthaithe ag an gcomhlacht Moonfish Theatre, léiríodh an seó don chéad uair ins An Taibhdhearc mar chuid d'Fhéile Ealaíne Idirnáisiúnta na Gaillimhe 2014.

Suite i gConamara, i Londain agus ar long an Ghorta Mhóir, pléann an seó ceisteanna teanga, talún agus cultúir. Seo scéal grá agus díoltais ar bhord na loinge 'Star of the Sea', a bhfuil a bealach á déanamh aici chuig Nua-Eabhrac sa bhliain 1847 le linn an Ghorta Mhóir.

I measc na bpaisinéirí, tá Mary Duane, cailín aimsire, Lord Merridith, tiarna talún atá i ngrá léi, agus Pius Mulvey, dúnmharthóir atá ag iarraidh Lord Merridith a mharú.

Scéal faoi phaisean agus faoi thinneas, le téamaí agus nithe go leor eile cosúil le tréigean, bréaga, bochtaineacht agus bás. Tá sé bunaithe ar úrscéal Joseph O'Connor, a bhfuil clú agus cáil bainte amach go hidirnáisiúnta aige le deich mbliana anuas.

Insítear an scéal ar stáitse le ceol beo, le hamhráin, le híomhánna, agus le gluaiseacht sa léiriúchán fuinniúil seo. Léireofar an dráma le meascán Gaeilge agus Béarla in Amharclann GB Shaw agus mar sin beidh sé oiriúnach do chách, pé cumas Ghaeilge atá acu. Is dráma cumhachtach, fuinniúil agus spreagúil é agus beidh an léiriú ar an 7ú Deireadh Fómhair oiriúnach d'aon duine atá os cionn 16 bliana d'aois. Cuirfear gach eolas chuig múinteoirí iarbhuscoileanna an cheantair agus molfar suíocháin a chur in áirithe in am. Is cinnte go mbeidh an-éileamh ar áiteanna do "Réalt na Mara" le Moonfish.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| Réalt na Mara | Star of the Sea |
| seó stáitse | stage show |
| cruthaithe | created |
| suite | situated |
| díoltas | revenge |
| gorta | famine |
| paisinéirí | passengers |
| cumhachtach | powerful |
| fuinniúil | energetic |



**Réalt na Mara**

## Pan Cheilteach 2016 le fógairt

Tá an-fháilte curtha roimh an nuacht go bhfillfidh an Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach ar Cheatharlach i 2016. Déanfar an fhéile a fhógairt ag cruinniú poiblí in Áras Chontae Cheatharlach, Bóthar Átha Í ar an gCéadaoin, 17ú Meitheamh ag 7.00i.n. agus tugtar cuireadh do chách a bheith i láthair. Beidh an fhéile ar siúl i gCeatharlach aimsir na Cásca agus táthar ag súil cheana féin le cúig lá de shiamsaíocht fhuinniúil mar a bhí ar shráideanna an bhaile nuair a reachtáladh an fhéile Pan Cheilteach anseo cheana i 2012 agus arís i 2013.

Is cinnte go n-oireann féile mar Pan Cheilteach do Cheatharlach idir cheol, amhránaíocht agus damhsa agus go háirithe an tsiamsaíocht faoin aer. Cuirfidh an pobal fáilte roimh chuairteoirí agus rannpháirtithe ó na tíortha ceilteacha éagsúla. Le tacaíocht ó gach aicme den saol áitiúil ina measc an t-udarás áitiúil, lucht gnó agus fiontraíochta, rannóg na turasóireachta maraon le taithí na bhféilte roimhe seo déanfar deimhin de go mbeidh clár den scoth lán d'imeachtaí agus fo-imeachtaí eagraithe do chlár na bliana seo chugainn.

Beidh féile cúig lá lán d'amhránaíocht agus damhsa traidisiúnta, comórtas don amhrán cheilteach nua-chumtha, margadh an phobail, céilithe chomh maith le ceolchoirmeacha, taispeántais, scéalaíocht, siamsaíocht ar na sráideanna agus mórshiúl na féile san áireamh.

Tá cuireadh oscailte chuig an seoladh agus beidh fáilte roimh chách a bheith páirteach freisin ins na hullmhúcháin i gcaitheamh na bliana. Deis iontach do Cheatharlach céad míle fáilte a fhearadh ar ais roimh na ceiltigh. Bímís ullamh!

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| fógairt | announce |
| fillfidh | will return |
| cheana féin | already |
| siamsaíocht | entertainment |
| cuairteoirí | visitors |
| rannpháirtithe | participants |
| aicme | sector |
| cuireadh | invitation |
| deis | opportunity |



**Rinceoirí Ceilteacha ag damhsa ar na sráideanna**



**Rinceoirí ón Bhriotáin ag an bhFéile Pan Cheilteach**

## SPRAOI i Mí an Mheithimh

Tiocfaidh SPRAOI, an grúpa dátheangach Tuistí/Leanaí, le chéile an Satharn seo chugainn, 13ú Meitheamh ag 11 a chlog ar maidin. Tagann an grúpa SPRAOI le chéile go rialta in Ionad Pobail Darach Nua. Bíonn tae agus caife ag na tuismitheoirí agus comhrá dátheangach ar siúl acu fhad is a bhíonn na páistí ag spraoi.

Cuirtear fíorchaoin fáilte roimh éinne go bhfuil suim acu beagáinín Gaeilge a labhairt lena bpáistí agus iad i suíomh spraíúil, neamhfhoirmiúil. Ní gá a bheith líofa sa teanga ach a bheith sásta triail a bhaint aisti. Baineann idir pháistí agus tuistí an-taitneamh as na seisiúin shóisialta seo. Spreagtar labhairt na Gaeilge agus is breá leis na páistí amhráin agus rímeanna beaga a chanadh trí Ghaeilge ag deireadh an tseisiúin. Tá an grúpa SPRAOI oiriúnach d'éinne le páistí suas go 5 bliana d'aois. Tá gach eolas ar fáil ó Emma i nGlór Cheatharlach ar 087 2857048. Bígí linn agus beidh fáilte roimh chách, idir óg agus fásta!

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| tuistí/leanaí | parents/toddlers |
| dátheangach | bilingual |
| líofa | fluent |
| sóisialta | social |
| deireadh | end |
| oiriúnach | suitable |
| rímeanna | rhymes |



**Spraoi do thuistí agus páistí**

## Cluiche litrithe DYCE

Tá cluiche litrithe dar teideal DYCE ar fáil as Gaeilge agus as Béarla anois. Is cluiche ríomhaire é ina dtugtar roinnt litreacha don imreoir agus ní foláir dó focail a dhéanamh astu. Is féidir cuid de na litreacha a athrú, mar shampla is féidir fada a chur ar na gutaí go léir.

Gareth Hanlon a chruthaigh an cluiche agus é ag iarraidh teacht suas le cluiche oideachasúil a chabhródh le daoine a bhfuil disléicse orthu. Tá an cluiche Dyce ar fáil as Gaeilge agus in úsáid in a lán Gaelscoileanna cheana féin.

Is féidir le scoileanna 10 gceadúnas den chluiche a cheannach ar phraghas speisialta ar an suíomh idirlín www.eyesee-games.com nó is féidir ceadúnas aonair a cheannach ar €19.99.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| cluiche litrithe | spelling game |
| ríomhaire | computer |
| imreoir | player |
| chruthaigh | created |
| oideachasúil | educational |
| disléicse | dyslexia |
| ceadúnas | licence |




Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

**Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach**

(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie
www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!